Ceacht Prionta le Ranganna 1 go dtí 6
'Stionsaláil: Priontaí agus/nó Cárta Séasúracha a Dhéanamh'

Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim: **Prionta** (Curaclam Amharcealaíona lch. 34)

Cuspóir: *Réimse níos leithne de theicnící déanamh priontaí a úsáid chun priontaí téamabhunaithe nó neamhthuairisciúla a dhéanamh (lch. 34)*

Nasc: **Péint agus Dath >** Fiosraigh dath le réimse ábhar agus meán (lch 32)

Féidearthachtaí Imeasctha:
Teanga Labhartha: *Bí ag caint agus ag machnamh faoi eispéiris chaite agus láithreacha, agus déan pleanáil, réamhfhaisnéis, réamh-mheas, agus tuairimiú faoi eispéiris sa todhchaí agus sa tsamhlaíocht (lch. 27)*
Matamaitic: *Déan sortáil, tuairisciú agus comparáid idir toisí 2-T: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal (lch. 49)*
Déan úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé (lch. 49)

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ábhair Riachtanacha: Páipéar: cruthaíonn bileoga de pháipéar daite siúcra éifeachtaí gleoite
Cárta
Siosúr
Péint phóstaeir gorm, buí, dearg, bán agus dubh
Pailéid nó plátaí chun dathanna a mheascadh
Soithigh uisce
Scuabanna
Spúinsí, seanscuabanna fiacla
Ceirteacha J-cloth (nó seantuáillí tae/ tuáillí gearrtha go méid éadach aghaidhe)

Spreagadh: Mínigh an teicníc stionsalála do na leanaí agus taispeáin dóibh conas is féidir é a úsáid chun priontaí dearfacha agus diúltacha a dhéanamh (m.sh. spúinseáil/spraeáil thar an stionsal chun prionta diúltach a thabhairt agus spúinseáil/spraeáil laistigh den chruth chun prionta dearfach a thabhairt.
Ag brath ar an séasúr, bíodh díospóireacht ann leis na leanaí faoi na nithe a chuireann an t-am seo bliana i gcuimhne dóibh. Oíche Shamhna, An Cháisc, An Nollaig, Lá Fhéile Phádraig, srl.
"An gcuireann aon chruth an t-am seo i gcuimhne duit? Cad iad na cruthanna a mheabhródh an Cháisc duit? Cén chruth atá ar choinín/ubh Chásca? (Crann Nollag/réalta/San Nioclás/fear sneachta/calóg snachta/puimpcín Oíche Shamhna/cailleach/cat, srl.) An bhféadfá na cruthanna a tharraingt ar phíosa cárta agus iad a ghearradh amach? Déan iarracht an cárta a ngearrtar na cruthanna as a choinneáil slán mar go dtabharfaidh sé seo priontaí dearfacha dúinn."

Gníomhaíocht: Lig do na leanaí an páipéar daite ba mhaith leo a úsáid a roghnú chun a gcuid priontaí a dhéanamh. Spreag iad chun triail a bhaint as spúinseáil thar na stionsail nó laistigh díobh agus spraeáil tharstu nó laistigh díobh leis na scuabanna nó na scuabanna fiacla. B'fhéidir gur mhaith leo priontaí dearfacha agus diúltacha a dhéanamh den stionsal céanna taobh le taobh ar an leathanach. B'fhéidir gur mhaith leo forchló a dhéanamh le stionsal éagsúil le bloc prionta rilífe. (Féach an ceacht faoi Dhéanamh Priontaí Rilífe). D'fhéadfadh sé gur mhaith leo sonraí a chur leis le pinn luaidhe daite nó criáin nuair a bhíonn na priontaí tirim. Nuair a bhíonn na leanaí sásta lena bpriontaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

© Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas 2006

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt: Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpriontaí a phlé, má bhí deacrachtaí acu agus conas ar sháraigh siad iad. Bainfidh siad taitneamh as a mhíniú conas a 'rinne' siad na dathanna tánaisteacha agus treasacha le meascán de na príomhdhathanna agus conas ar chruthaigh siad uigeachtaí, patrúin agus cruthanna leis na stionsail. Is féidir é seo a dhéanamh le 'Cathaoir an Ealaíontóra' mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid priontaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Foghlaimeoidh siad a lán ón ngníomhaíocht seo agus beidh feabhas le feiceáil ar ghníomhaíochtaí priontaí eile níos déanaí. Cuir priontaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.
Spreag na leanaí chun freagairt do chártaí beannachta tar éis dóibh a gcuid féin a phriontáil, agus do lógónna agus Priontaí i nDánlanna agus Leabharlanna áitiúla.

Gníomhaíochtaí breise: D'fhéadfadh na leanaí stionsail a dhéanamh mar léiriú ar Lógónna dá ndearthaí féin. D'fhéadfadh míreanna éadaigh, barraí milseáin, clubanna spóirt nó sainspéiseanna pearsanta a bheith i gceist.

Féidearthachtaí TCF: D'fhéadfaí priontaí na leanaí a scanáil isteach sa ríomhaire agus iad a phriontáil mar chártaí beannachta, féiríní nó leabharmharcanna.

An DVD Is Ealaíontóir Mé a Úsáid : Tugann na cláir *Prionta* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag úsáid stionsail chun cuimilteáin agus priontaí a dhéanamh.

Nóta: B'fhéidir gur mhaith leat cruth simplí a ghearradh amach ar dtús le taispeáint do na leanaí conas na cruthanna diúltacha agus dearfacha araon a choinneáil slán agus iad ag gearradh. D'fhéadfadh cleachtadh áirithe a bheith ag teastáil sula ngearrann siad an stionsal is mian leo a úsaid don déanamh priontaí. D'fhéadfadh sé a bheith deacair dóibh ar dtús, ach bí foighdeach agus beidh máistreacht acu air.

Ealaíontóirí Ábhartha: Andy Warhol (ar son na stionsal a d'úsáid sé i ndéanamh priontaí síoda)
Ealaíontóirí eile atá ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:
Íomhánna d'fháiscealaín shéasúrach – d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach rogha íomhánna a thaispeáint do na leanaí **tar éis** dóibh a bpriontaí féin a dhéanamh
http://www.fotosearch.com/illustration/seasonla.html

Samplaí de phriontaí séasúracha le Joe Chapline
http://www.joechapline.com/pdf_samples/EdRec_Ills.pdf

Liosta de dhánlanna ar líne a bhfuil saothar Andy Warhol le feiceáil iontu
http://www.artcyclopedia.com/artists/warhol_andy.html

© Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas 2006